Fásóirí Trátaí

Is Miṫid Eagras sa Ġaeltaċt

Bí cruinniú measarṫa tábaċtaċ de fásóirí trátaí na hÉireann, i mBaile Áṫa Cliaṫ le deireanas, inár pléaḋ faḋbanna agus riaċtanaisí tionscail na bfataí.

Ċuaiġ Caṫal Mac Eoċaiḋ, Aire Talṁaíoċta ċucu, agus labair sé faoi cúrsaí trátaí agus garraḋóireaċt agus bí eolairí ón Roinn agus ón Forás Talúntas, le comairle a ṫabairt díobṫa.

San saol atá ann inniu, is éigin cruinniṫe mar seo a beiṫ ann san áit a bpléfaiḋ daoine cúrsaí a baineas lena gcéard féin.

Aċ, ceist an ṁór agus an tábaċtaċ—an raib ionadaiṫe óna ceantair Gaeltaċta ina bfuilṫear ag fás trátaí, i láṫair ag na cruinniṫe seo, agus muna raib, cad ċuige? Tá 100 fásóirí trátaí i nGaeltaċt Ḋún na nGall; 100 i nGaeltaċt na Gaillimhe agus roinnt eile i dTuar Ṁic Éide. Cé ṁéid ionadaiṫe uaṫa seo a bí i láṫair ag an cruinniú seo i mBaile Áṫa Cliaṫ, mara bfuil comairle agus cabair na Roinne le fáil faoi faḋbanna an tionscail, agus faoi dul ċun cinn agus taiġde.

Is dóiġe go ndéarfaḋ an Roinn go raib comairleoirí na Roinne agus Oifigiġ na Roinne ag seasaṁ agus ag labairt do ṗobal na Gaeltaċta.

Aisteaċ

Aisteaċ agus mar tá sé, sin é díreaċ mar adúraḋ faoi iascairí Oileán Árann, nuair adúirt rannóg aṁáin go bfuair siad barúil na miascairí faoin ċéib ansin, ⁊ nuair a cuireaḋ ceist orṫa, go raib tuairimí na n-iascairí faigte acu ó Oifigiġ Bord Iascaiġ Ṁara.

Tá sé go maiṫ ṫar am go stadfaí den amaidí seo, agus stadfaḋ Oifigiġ Poiblí ag cabrú leis an Ġaeltaċt, mar páistí, nó dream iargúlta, fó-imeallaċ, naċ bfuil in ann aṁarc ina ndéid féin, nó seasaṁ díobṫa féin, nó labairt díobṫa féin.

Cumann Fásóirí Trátaí

Muna raib ionadaiṫe ó muintir Ċloiċeannaola agus muintir an Spidéil ag an cruinniú seo de luċt fás trátaí, na hÉireann, ní miste díobṫa tosaiġ ag smaoineaṁ láiṫreaċ, agus ba ċeart gurb é an toraḋ a beaḋ ar a gcuid smaointe go mbunófaí Cumann Fásóirí Trátaí i nDún na nGall agus i nGaeltaċt an Iarṫar, agus go mbeaḋ siad ábálta labairt ṫar a gcionn féin agus a rá céard atá a' teastáil uaṫa féin.

Ró ḟada atá pobal na Gaeltaċta múċta, brúite síos agus gan le clos ar a son, aċ glór oifigeoirí agus maorlaṫas.

Tá a ṡlioċt sin le feiceáil, fiú aṁáin i ndearcaḋ Roinn na Gaeltaċta nuair a ceaptar coistí de Oifigiġ Poiblí agus ró rímhinic, Oifigiġ na n-Údarás ċéanna atá ag brú Béarla síos scórnaċ pobal na Gaeltaċta, nuair a ceaptar coistí díobṫa seo le labairt ṫar ċeann na Gaeltaċta.

Ní miste go cinnte, do luċt fásta trátaí eagras a bunú díobṫa féin gan a tuilleaḋ moille.

Iorras

Tá Comairle Condae Ṁuiġeo tosnaiṫe ag obair ar deisiú an bóṫair ó Scoil Dub Ṫuama frío Dubort, go Gaoṫ Sáile. Buntáiste mór don ċeantar é seo, mar tá sé ar ċeann de na príomhbóiṫre turasóireaċta in Iorras.

Comġáirdeas leis na daoine seo a buaiġ duaiseanna in scéim garraí baile, na gairm-scoile, Béal an Ṁuirṫid: Céad bliain (buaċailli): 1, Seán Ó Geaċrán, Imleaċ Beag. Fód Dub; 2, Seán Mac an tSaoir, Cor Cloċ Ṫiar; 3 agus 4, Taḋg agus Máirtín Ó Mongáin, Imleaċ Beag; 5, P. Ó Geaċrán, Carn, Béal an Ṁuirṫid; 6. Liam Bairéad, Cor Cloċ Ṫiar; 7, P. Ó Geaċrán, Cor Cloċ Ṫoir; 8, P. Ó Murċú, Fód Dub; 9, Séamas Ó Conaire, Conán. Dara bliain (buaċaillí): 1. P. Ó Monaċáin, Fál Mór, Fód Dub; 2, Peadar Ó Raġallaiġ, Cnoc Alabar, Poll a' tSomais; 3, Seán Ó Lalaiġ, Cnoc Sean Bó, Cuan na mBó; 4, Máirtín Mac an tSaoir, Cor Cloċ Ṫiar. Triú bliain (buaċaillí) — 1, Seán Ó Cléire, Cuan an Inbear; 2, Seoirse Ó Baoill, Sraiṫ Gradaí, Beann-ċor; 3, Pádraic Ó Mongáin, Imleaċ Beag, Fód Dub; 4, S. Ó. Murċú, Druim. Céad bliain (cailíní) — 1, Eiblín Ní Ḋúnṡléibe, Cor Ċloċ Ṫiar; 2, Máiréad Mills Cara Mór, Bárr na Trá. Dara bliain (cailíní) — 1, Máire Ní Ṁóráin, Gleann Lára; 2, Áine Ní Ġeaċrán, Tearmon.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Bean Donnċa Uí Ċaṫáin, in aois a 99 bliana, ag a cónaí féin, in Tollaċán Bán, Gaoṫ Sáile. Bí an tsláinte go maiṫ aici suas go dtí lá a báis. Bí árdmeas uirṫi féin agus ar a teallaċ insan ċeantar. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal Gaoṫ Sáile, agus ċuaiġ an soċraid ó sin taréis Aifreann Solúnta na Marb, go dtí reilig Gaoṫ Sáile. Níṫear comḃrón le na mac agus iníonaċa.

Comġáirdeas le Pádraic Mac Con Rí, B.Comm., mac le Pádraic Mac Con Rí, agus a bean, Eaċléim, Fód Dub atá ceapaiṫe mar múinteoir gairm-oideaċais i gCluan Eois.

Comġáirdeas le Nóra Ní Rodaiġ, iníon do Antoine Ó Rodaiġ agus a bean, Ard Dún, Béal an Ṁuirṫid, atá ceapaiṫe in Downhill Hotel, Béal an Ḟeada.

Fuair Pádraic Ó Muineaċáin. mac le Máirtín Ó Muineaċáin ⁊ a bean, Fál Mór, Fód Dub, scoláireaċt dá bliain talṁaíoċta.

Fánaid

Tá gaċ duine iontaċ buarṫa anseo indiaiḋ an Aṫair Eoġan Ó Colm, atá aṫraiṫe go Carraig Airt. Ó táinig sé anseo go Ceann Droma tá ceiṫre bliana ó ṡoin bí gaċ duine go maiṫ dó agus ba ṁóide ar meas air go raib sé i gcónaí réiḋ le Gaeilge a labairt linn agus gnaiṫi a déanaṁ mar dteanga féin—rud naċ raib cuid de na sagairt a táinig roiṁe. Fear mór iascaireaċta a b'ea é.

Tá ranganna in ábar tógála faoi Coiste Garmoideaċais Dún na nGall ar siúl i scoil Caisil, agus scaifte iontaċ mór ag freastal orṫa arís i mbliana mar bí anuraiḋ. Bí na healaí ar siúl ó cuan na Maoile Ruaiḋe ar fea an tsaṁraiḋ aċ tá na céadta acu ṫar nais anois agus a gcuid éanaċa óga leo.

Camus

San Dáil tamall ó ṡoin d'fiafraiġ Seán Mac Eoċagáin, T.D., den Aire Iompair agus Cuṁaċta cé'n uair a béiḋ leictreaċas na tuaiṫe á leaṫnú go Camus Uaċtar agus Camus Íoċtar. Dúirt an tUasal Childers go raib na bailte sin i gceanntar Leitir Mór. Deineaḋ canbas air i 1961 agus ní raib sé i gceist ag an Bord aċ a déanaṁ ar na ceantair seo go cinn dá bliain no trí bliana.

Bliain Ṁaiṫ ag C.I.E.

Cad ċuige naċ bfuil focal Gaeilge sa tuarascail?

Tá na tuarascála ó na cuideaċtain agus boird stáit níos moille, cuid ṁaiṫ níos moille, i mbliana. Stailc na gclódóirí a deirtear is ciontaċ leis.

Tá tuarascáil Córas Iompair Éireann ar fáil againn, agus tuarascáil fiúntaċ, aċ is aisteaċ an rud é naċ bfuil, taob amuiġ de na trí litreaċa is ainm don Ċomluċt, focal Gaeilge ann ó ṫús go deire.

An bfuil dualgas reaċtúil ar Coras Iompair Éireann fógraíoċt a déanaṁ i nGaeilge agus freastáil ar Gaeilgeoirí? Deirtear go bfuil, aċ níl sé le tuigbeáil as an tuarascáil seo.

Bí maiṫ go leor ag an comluċt agus ní raib de ċailliúnt acu i gcaiṫeaṁ na bliana a ċríoċnaiġ ar 31ú Márta i mbliana aċ £1,45,000, feabsú de £131,000 ar an bliain roiṁe sin agus sa coigilt de £525,000 as an deontas bliantúil £2 milliún atá á ṫabairt acu ón Stáit.

Méadú teaċt isteaċ

Ba é an teaċt isteaċ a bí acu nó £23,621,000, beagnaċ £3 milliún níos airde ná anuraiḋ, agus caiteaċas de £24,057,000. Ċaill siad £1.7 milliún níos mó ar pá agus tuarascáil siocair an 9ú babṫa de ardaiṫe tuarastáil. Bí méadú ins an tráċt páisinéirí i mbliana. Ṡábálaḋ cuid ṁaiṫ airgid le seirbísí bus a ċur in ionad bóiṫre iarainn agus ar dúnaḋ stáisiún beaga, ar meall díosal in ionad meall gaile agus ar leaṫnú ar busannaí aon duine.

Cailliúnt iarnróid

Cailleaḋ £1,202,000 ar oibriú an iarannróid agus bí praifid de £660,000 ó na busannaí. Bí níos mó tacaíoċt ón pobal don gnáṫ seirbísí i gcaiṫeaṁ na bliana agus do na cuid turasanna lae agus na cóistí. Bí praifid de £45,000 ar seirbísí iompair agus de £145,000 ar seirbísí ostlanna. Cuireaḋ 70 den luċt freastail ins na tiṫe ósta ċuig óstáin ar an Mór Roinn fá ċoinne cúrsaí ins an Ġeiṁreaḋ.

Poibliоċt

Rinneaḋ níos mó obair poibliоċta ṫar lear agus tugaḋ iarraċt níos mó ar turasóirí a ṫarraingt ċun na tíre. Bí toraḋ i bfad níos fearr ó na turasanna agus cuid ṁaiṫ ag teaċt ó Meiricea orṫu. Fuarṫas eitleán 104 suíoċáin gaċ seaċtain ar feaḋ an tsaṁraiḋ le turasóirí a ṫabairt ó Mancuin frío Aerfort na Sionainne. Rinneaḋ feabas ar am ċláir na dtraenaċa paisinéir agus earraí i gcaiṫeaṁ na bliana agus rinneaḋ deaċnú ar seirbísí traen Domnaiġ. Toisc gur druid an U.T.A. seirbís iompair go lua i 1965 b'éigean don Bord leaṫnú a déanaṁ ar seirbísí busanna go dtí áiteaċa in aice na Teorann agus réiteaċ a déanaṁ fá ċoinne iompair ar iaranróid an Ulster Transport. Deineaḋ socrú le feabas a ċur ar aiseanna iompair agus taistil C.I.É. ar feag na bliana. Tá scéim stiúrṫa tráċt le radió ⁊ guṫán i bfeidm i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Acaill

Ag an Goiste in Acaill, ar Seán Ó Loingsiġ, Dúgort, cuireaḋ milleán ar an Comairle Condae as gan comairle dainséar a ċur ag an droiċead seo. Is aṁlaiḋ gur ṫit a ċárr isteaċ i deiċ dtroiġ uisce ón droiċead. Ṫug Pádraic Ó Faidín, ball do Comairle Condae Ṁuiġeo, fianaise gur ċur sé ar aire na nInnealtóirí Condae é, in 1960, gur ċeart don droiċead dainséaraċ seo, comarṫa dainséar a beiṫ ann, nuair naċ raib ballaí cosanta ar biṫ ann. Aċ níor dearnaḋ rud ar biṫ. Níor ċeart, dar leis, fanaċt le taisme sula ndéanfaí na bóiṫre sábáilte.

Níor éiriġ le Scoil Damnait insan céad babṫa de peil na gColáistí Ógánta an tseaċtain seo caite. Buaiġ Coláiste Ċolmán, Clár Ċloinne Ṁuiris orṫa. Criostóir Mac Ḟionntaiġ a fuair an t-aon scór aṁáin do Acaill—cúl aṁáin.

Comġáirdeas le Máiréad Seoige, A. B. Ní Ṁóráin, agus M. R. Ní Ḃaoill, An Corrán, a fuair scoláireaċtaí ċuig Cúrsa Bainistíoċt Tí Ósta, in Óstán Maolraiṫne, faoi Coiste Gairm-Oideaċas Ṁuiġeo.

Sa baile ar saoire ón Aifric Ṫeas, san áit a bfuil siad ag obair do McAlpine agus a Ċomlċ, tá Pádraic Rattigan, Béal Fearsaid agus Pádraic Ó Gallċobair, Na Doiríní.

Cúis bróin an scéala a ṫáinig as Blacpool gur éag mac le Miċeál Ó Móráin, as Ból an Ġleanna, An Corrán, ansin.

Ag cruinniú de ṁuintir Acaill agus an tAṫair Mac Annraoi, S.C., i gceannas, pléaḋ obair an Oifig Eolais, ag Gob a' Ċoire. Tógaḋ ceist fá'n imirce ó Oileán Acaill Beag, agus dúraḋ gur ċeart do Ċoimisiún na Talún iarraċt éigin a déanaṁ le gabaltaisí a ṫabairt do na h-oileánaí mar rinneaḋ le luċt oileáin eile.

Bí cluiċe maiṫ i mBéal an Ṁuirṫid Dé Domnaiġ seo caite, idir foireann soisearaċ Acaill, agus foireann Iorras.

Ag cruinniú de ċraob Acaill de Ċumann na Múinteoirí oíċe Ḋiardaoin seo caite, cuireaḋ rún comḃrón i bfeidm le muintir Bean Uí Ċonċubair, iar-O.S., Baile Áṫa Cliaṫ, a bí ina príomhoide i mBun an Ċorraiġ. Ċom maiṫ leis sin, plé an cruinniú aṫraiṫe i rialaċa Cumann na Múinteoirí insan am atá le teaċt.

Tá beirt teagascóirí ó Ġaeltarra Éireann, ag reaċtáil ranganna in Scoil Náisiúnta Doirín, agus tá os cionn 20 mná pósta ag dul arais ar scoil ag foġlaim cniotála, agus go h-áiṫrid an greim Árannа agus cniotáil Árannа. Nuair a bíonn na gairméidí críoċnaiṫe, ceannaíonn Gaeltarra Éireann iad, agus cuireann siad ar an ṁargaḋ iad.

Coláiste Saṁraiḋ i dTír an Ḟiaiḋ

Tá craob Breannáin de Conraḋ na Gaeilge — an Cúlóg, Áṫ Cliaṫ, ag beartú Coláiste Saṁraiḋ a ṫocnú i dTír an Ḟiaiḋ, an bliain seo ċugainn.

Ċeana féin tá roinnt maiṫ den réim-obair déanta, agus an Domnaċ seo caite, tionólaḋ cruinniú poiblí i halla Tír an Ḟiaiḋ i dtaob na scéime.

Ar na cainteoirí a labair, b' Tomás Mac Ruaidrí, Stiúrṫóir an Ċoláiste, agus an tAṫair Miċeál Ó Flannabra, S.C.

Ní raib slua ró ṁór de ṁuintir na h-áite i láṫair, aċ tugaḋ éisteaċt maiṫ de na cainteoirí.